Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 4 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14315/22**

**LIMITE**

**ECOFIN 1124**
**RELEX 1462**
**NIS 26**
**FIN 1179**
**COEST 799**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | Nóta Saincheisteanna ón Uachtaránacht - Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin: Riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine a chumhdach in 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo Nóta Saincheisteanna ón Uachtaránacht maidir le riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine i bhfianaise chruinniú Chomhairle ECOFIN an 8 Samhain 2022.

**ECOFIN, an 8 Samhain 2022**

## Nóta Saincheisteanna ón Uachtaránacht

# Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin: Riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine a chumhdach in 2023

PUBLIC

**Mar thoradh ar an gcogadh, bhí riachtanais shuntasacha mhaoiniúcháin ag an Úcráin i mbliana agus beidh riachtanais shuntasacha aici in 2023 freisin.** Ó thús chogadh foghach na Rúise, thug an tAontas agus a Bhallstáit tacaíocht shuntasach, idir thacaíocht airgeadais agus eile, don Úcráin ar bhonn *ad hoc*. I mí an Mheithimh, gheall ár gceannairí tacaíocht mhacra-airgeadais suas le EUR 9 mbilliún a chur ar fáil don Úcráin. Mar sin féin, ní eisíocfar ach thart ar EUR 6 bhilliún roimh dheireadh na bliana seo.

**Measann CAI gurb ionann an bhearna chistiúcháin do 2023 agus USD 38-40 billiún.** Ar leibhéal an Aontais, meastar gur tacaíocht leordhóthanach in 2023 é cúnamh airgeadais dar luach EUR 18 mbilliún. Tá sé curtha in iúl ag an Úcráin cheana féin go mbeidh cúnamh airgeadais suntasach ag teastáil uaithi díreach ag tús na bliana seo chugainn. Dá bhrí sin, ba cheart an chéad eisíocaíocht a dhéanamh gan mhoill i mí Eanáir.

**Phléigh na Ballstáit roghanna féideartha ar leibhéal na Leas-Airí Airgeadais le coicís anuas agus d'aimsigh siad bealach soiléir chun cinn.** Tá an creat nua ceaptha chun iasachtaí a chur ar fáil agus iad á ráthú leis an tsolúbthacht i dtaca le buiséad an Aontais a mbeadh aibíochtaí fada agus tréimhsí cairde ag gabháil leo agus iad á maoiniú trí straitéis cistiúcháin éagsúlaithe. Leis an réiteach sin chuirfí creat intuartha solúbtha ar fáil lena mbeadh an Choimisiúin in ann acmhainní a shlógadh trí bhannaí a eisiúint laistigh de theorainneacha buiséadacha comhaontaithe.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an Uachtaránacht ar na hAirí teacht ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an mbealach chun cinn agus é mar aidhm creat maoiniúcháin intuartha solúbtha a ghlacadh chun cuid de riachtanais mhaoinithe na hÚcráine in 2023 a chumhdach agus chun go bhféadfaí an chéad eisíocaíocht a dhéanamh i mí Eanáir 2023.

**Ceisteanna le plé**

- *An aontaíonn sibh nach mór dúinn gníomhú go práinneach i bhfianaise staid airgeadais na hÚcráine?*
- *An aontaíonn sibh, chun na nósanna imeachta reachtacha uile is gá a chur i gcrích in am faoi Uachtaránacht na Seice agus chun an chéad eisíocaíocht a cheadú i mí Eanáir 2023, go bhfuil na tograí reachtacha ón gCoimisiún de dhíth orainn a luaithe is féidir, tráth nach déanaí ná an 9 Samhain 2022 más féidir?*

PUBLIC